MA
SA NUA-GHAEILGE:
Téacs agus Teanga

UCD DUBLIN

Á sholáthar ag Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh,
Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD

Fáilte

Fáilte romhat cur isteach ar an MA sa Nua-Ghaeilge, céim a bhaintear amach trí mhodúil teagaisc agus tráchtas. Le linn an chúrsa seo déantar dianstaidéar ar an nGaeilge, idir theanga, chultúr agus litríocht. Is féidir le mic léinn staidéar cuimsitheach cothrom a dhéanamh ar na réimsí sin, nó más fearr leo é, is féidir díriú go speisialta ar chúrsaí teanga agus cultúir nó ar chúrsaí litríochta. Tairg tear modúil ar raon leathan ábhair theangúil, agus déantar cúram den litríocht chomhaimseartha agus den litríocht stairiúil araon. Tá réimse leathan saineolais ag an bhfoireann i ngach réimse a mhúintear.

Cé dóibh an MA sa Nua-Ghaeilge?

Feiliúnach dóibh siúd a bhain bunchéim amach le gairid nó atá fostaithe le tamall i bpoist ina n-éilítear saineolas suntasach ar theanga nó ar litríocht na Gaeilge, nó dóibh siúd ar mhaith leo a gcur amach ar na hábhair sin a fhorbairt.

Cad a fhoghlaimeoidh mé?

Cuirfidh tú eolas domhain ar theanga na Gaeilge, idir eolas teoiriciúil agus eolas praiticiúil. Déanfaidh tú staidéar ar go leor seánraí éagsúla de chuid litríocht an lae inniu agus na litríochta stairiúla, agus beidh deis agat léitheoireacht fhairsing a dhéanamh sna réimsí is fearr leat. Gheobhaidh tú tuiscint ar thraidisiúin theangúla agus shamhlaíocha na Gaeilge, agus foghlaimeoidh tú scileanna córa anailíse. Oilfear tú le píosa réasúnta fada taighde de do chuid féin a chur le chéile i miontráchtas.

Cén leas dom é?

Is fiú an fhorbairt intleachtúil a ghabhann leis an MANG ar a son féin. Is iomaí mac léinn a thugann faoin gcúrsa seo ar mhaithe leis an bhforbairt phearsanta amháin ach baineann scileanna inaistrithe leis an bhforbairt seo freisin.

Ina theannta sin, beidh deiseanna fostaíochta níos fearr agat de bharr na scileanna teangúla, anailíse agus scríbhneoireachta a fhorbraítear le linn an chúrsa seo, go háirithe i gcás na bpost is airde i ndomhan na Gaeilge. Scileanna inaistrithe iad seo a rachadh chun sochair duit in earnálacha eile.

Réiteoidh an MANG tú le tabhairt faoina thuilleadh staidéir amach anseo, ar mhaithe le cáilíochtaí foirmiúla eile a bhaint amach, nó cúrsaí príobháideacha léinn a leanúint.

Tá sé d'aidhm ag an gcúrsa seo na mic léinn a fhorbairt chun ról sároilte, cruthaitheach, criticiúil a chomhlíonadh i ndomhan na Gaeilge, mar léitheoirí, mar lucht labhartha na Gaeilge, nó mar fhostaithe.

Tréithe ar leith a bhaineann leis an MA sa Nua-Ghaeilge

Áiseanna suntasacha

Cartlann náisiúnta an bhéaloidis, teanglann nua den scoth, cartlann na gcanúintí
Deiseanna sainréimsí taighde a fhorbairt
Teagasc trí Ghaeilge
Sraith seimineár ar an litríocht le haoichainteoirí gach bliain
Gar d'áiseanna Gaeilge Bhaile Átha Cliath
Deis fostaíochta do roinnt mac léinn ranganna teagaisc a mhúineadh

Deiseanna fostaíochta do mhic léinn le MA sa Nua-Ghaeilge

Oideachas
Aistriúchán
Meáin leictreonacha agus meáin chlóite
Fostaíocht in Éirinn, san Eoraip agus i dtíortha eile ar fud an domhain

Coinníollacha iontrála

Is gá BA le 2.2 sa Nua-Ghaeilge nó a chomhionann, agus ní mór ainm agus seoladh beirt mholtóirí a sholáthar, a bheadh inniúil ar do chumas intleachtúil a mheas, chomh maith le d'aibíocht agus do dhíograis.

Cúrsa Lánaimseartha 12 mhí, ag tosú mí Mheán an Fhómhair.
Táillí: € 5400.
90 Creidiúint ECT.
Cód: Z029.
Léibhéal an chúrsa: NQAI Leibhéal 9.

Tá an MA sa Nua-Ghaeilge ar fáil ar bhonn páirtaimseartha freisin. Cód: Z192.

Curaclam

Modúil mhúinte agus miontráchtas bunstruchtúr an MANG. Tá cuid de na modúil éigeantach agus cuid eile le roghnú. Déantar an measúnú tríd an measúnú leanúnach agus i gcásanna áirithe trí scrúdú ag deireadh an tseimseastair.

De ghnáth déantar 4 mhodúl gach seimeastar .i. 8 n-uair a' chloig de léachtaí. Go hiondúil bíonn na ranganna ar siúl idir 4–7 pm.

Tá 90 creidiúint ECT le fáil, a roinntear mar seo a leanas:

A. 30 creidiúint: Tráchtas le tuairim is 15,000 focal ar ábhar a roghnóidh tú le cabhair do stiúrthóra.
B. 10 gcreidiúint ar mhodúl riachtanach teanga ina ndírítear ar chruinnscríobh na Gaeilge acadúla agus ar shaibhriú na teanga.
C. 50 creidiúint ar 5 mhodúl eile, le 10 gcreidiúint an ceann.

Iad roinnte go soiléir ina dhá chuid .i. teanga/cultúr agus litríocht. Níor mhór modúl amháin ar a laghad a roghnú ar an teanga agus an litríocht faoi seach.

Modúil Teanga agus Cultúir:

(1) Scileanna Aistriúcháin
(2) Béarla sa Ghaeilge
(3) Ceird na Scríbhneoireachta
(4) An Athbheochan agus na Meáin Ghaeilge
(5) Péire as an liosta seo a leanas le 5 chreidiúint an ceann:
Teanga na Gaeilge 5, Scileanna Taighde, Tionscnamh Teanglainne, Teangeolaíocht na Gaeilge, Sean-Ghaeilge, Gaeilge na hAlban.

Modúil Litríochta:

(6) Scéalta Fiannaíochta
(7) Filíocht na Gaeilge 1600–1800
(8) An Nualitríocht ó 1900 i leith
(9) Úrscéalta Móra: forás is meath an réalachais
(10) An Dioscúrsa Baineann
(11) Litríocht Ghaeilge na hAlban
(12) Scéalta Rómánsaíochta agus Litríocht na Gaeilge Clasaicí

Clár Ama

Seimeastar 1:

Teanga na Gaeilge
Ceird na Scríbhneoireachta
An Athbheochan agus na Meáin
Scéalta Fiannaíochta
An Dioscúrsa Baineann
Úrscéalta Móra na Gaeilge

Seimeastar 2

Béarla sa Ghaeilge
Scileanna Aistriúcháin
Péire le 5 chreidiúint den liosta seo a leanas:
- Teanga na Gaeilge 5, Scileanna Taighde, Tionscnamh Teanglainne, Sean-Ghaeilge, Gaeilge na hAlban, Teangeolaíocht na Gaeilge,

An Nualitríocht ó 1900 i leith, Filíocht 1600–1800, Scéalta Rómánsaíochta agus Litríocht na Gaeilge Clasaicí, Litríocht Ghaeilge na hAlban.

Liosta samplach an liosta thuas.

Nóta faoi na modúil thuas

Scileanna Taighde: 5 chreidiúint, ach neodrach ó thaobh GPA.

Tá modúl 'folamh' ar fáil freisin chun deis a thabhairt do mhic léinn ábhar a roghnú nach bhfuil luaite go sonrach ach a bheadh úsáideach dá gcuid taighde.

Tá gaol idir an MA sa Nua-Ghaeilge agus an tArd-Dioplóma sa Nua-Ghaeilge. Is féidir an tArd-Dioplóma sa Nua-Ghaeilge a roghnú ar a shon féin, nó arís mar bhealach isteach nó amach as an MA sa Nua-Ghaeilge. Is ionann é agus modúil teagaisc an MA sa Nua-Ghaeilge, gan an tráchtas. Uaireanta is maith le mic léinn MA gan an tráchtas a dhéanamh agus i gcásanna dá leithéid is féidir an tArd-Dioplma a ghnóthú.

Cúrsaí iarchéime eile sa Nua-Ghaeilge

MA: Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge
MLitt sa Nua-Ghaeilge
PhD sa Nua-Ghaeilge

Tá gach eolas i dtaobh na gcúrsaí seo ar fáil ar www.ucd.ie/sicsfl

Teagmháil

Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh ag:

Kathleen Clune,
Riarthóir na Nua-Ghaeilge.
Ríomhphost: kathleen.clune@ucd.ie

An tOllamh Máire Ní Annracháin
Ríomhphost: maire.niannrachain@ucd.ie
Teil : 01 7168385

Naisc fhiúntacha

www.ucd.ie/icsifl/index.html
www.ucd.ie/artsceltic/graduateschool
www.ucd.ie/hii
www.irchss.ie